

**RABHADH**

Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.

Scríobh do Scrúduithe anseo.



## Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

STADÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA

ARDLEIBHÉAL

DÉ LUAIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 1.30 – 3.30

**Treoracha d'iarrthóirí :**

**Freagair GACH CEANN de na CÚIG CHEIST laistigh**

- Maidir le Ceist 1 ar leathanaigh 2, 3, 4 agus 5  
Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 2 ar leathanaigh 6, 7, 8 agus 9  
Freagair cuid (A) nó (B)
- Maidir le Ceist 3 ar leathanaigh 10, 11 agus 12  
Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B)  
nó cuid (C)
- Maidir le Ceist 4 ar leathanaigh 13, 14 agus 15  
Freagair (A), (B) agus (C)
- Maidir le Ceist 5 ar leathanaigh 16 agus 17  
Seiceáil ar dtús go bhfuil an léarscáil  
agus an t-aerfótagraf agat.  
Freagair na ceisteanna GO LÉIR.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

<i>Ceist</i>	MARC
1	
2	
3	
4	
5	
<b>IOMLÁN</b>	
<b>GRÁD</b>	

# CEIST 1

24 marc


Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C).

## (A) CEISTEANNA ILROGHA

(12 marks)

Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic (✓) sa bhosca ceart i ngach cás.

Sampla: Bhaintí úsáid as bró:

- |   |                          |                                |                                     |     |
|---|--------------------------|--------------------------------|-------------------------------------|-----|
| (a) sa ghlantachán  | <input type="checkbox"/> | (b) sa mhuilleoireacht         | <input checked="" type="checkbox"/> |     |
| (c) sa sníomh   | <input type="checkbox"/> | (d) san fhíodóireacht          | <input type="checkbox"/>            | (1) |
| <b>1. Oibríonn cartagrafaí le:</b>  |                          |                                |                                     |     |
| (a) ithir   | <input type="checkbox"/> | (b) léarscáileanna             | <input type="checkbox"/>            |     |
| (c) déantáin agus fothraigh   | <input type="checkbox"/> | (d) músaeim                    | <input type="checkbox"/>            | (1) |
| <b>2. Ciallaíonn ‘réabhlóid’:</b>   |                          |                                |                                     |     |
| (a) athrú iomlán nó iompú timpeall  | <input type="checkbox"/> | (b) cogadh                     | <input type="checkbox"/>            |     |
| (c) galar   | <input type="checkbox"/> | (d) crainn                     | <input type="checkbox"/>            | (1) |
| <b>3. Ciallaíonn uirbiú:</b>  |                          |                                |                                     |     |
| (a) feirmeacha  | <input type="checkbox"/> | (b) bailte móra agus cathracha | <input type="checkbox"/>            |     |
| (c) bóithre   | <input type="checkbox"/> | (d) páirceanna                 | <input type="checkbox"/>            | (1) |
| <b>4. Cé acu díobh seo a leanas a bhfuil <b>GÁ</b> ag daoine leo?</b>   |                          |                                |                                     |     |
| (a) teilifís  | <input type="checkbox"/> | (b) uisce                      | <input type="checkbox"/>            |     |
| (c) ríomhairí   | <input type="checkbox"/> | (d) ceol                       | <input type="checkbox"/>            | (1) |
| <b>5. Seasann spota dearg ar líne dhubh ar an Léarscáil Shuirbhéireachta Ordanáis do:</b>  |                          |                                |                                     |     |
| (a) stáisiún Garda  | <input type="checkbox"/> | (b) stáisiún traenach          | <input type="checkbox"/>            |     |
| (c) críochfort farantóireachta  | <input type="checkbox"/> | (d) both teileafóin            | <input type="checkbox"/>            | (1) |
| <b>6. Cé acu de na tíortha seo a leanas <b>NACH BHFUIL</b> san Aontas Eorpach?</b>  |                          |                                |                                     |     |
| (a) An Pholainn   | <input type="checkbox"/> | (b) An Iodáil                  | <input type="checkbox"/>            |     |
| (c) An Bheilg   | <input type="checkbox"/> | (d) An Bhrasaíl                | <input type="checkbox"/>            | (1) |

7. Iarmhairt Cheaptha Teasa is cúis le:

- (a) teochtaí an domhain a bheith ag éirí  (b) bailte móra plódaithe   
(c) plandaí ag fás níos airde  (d) méadú sa daonra  (1)

8. Is éard atá i páirceanna, ionaid spraoi agus linnte snámha ná ionaid le haghaidh:

- (a) caitheamh aimsire  (b) tionscal   
(c) airgeadas  (d) oideachas  (1)

9.



Is éard a thugtar ar an teach sa phictiúr seo:

- (a) teach leathscoite  (b) bungalónna   
(c) árasáin  (d) teach scoite  (1)

10. Nuair a bhogann daoine ó thír amháin go tír eile, nó laistigh de thír, is éard a thugtar air:

- (a) dílárú  (b) coilíniú   
(c) lonnaíocht  (d) imirce  (1)

11. Cé acu díobh seo a leanas ar foinse neamh-inathnuaite é?

- (a) ola  (b) cumhacht gaoithe   
(c) fuinneamh gréine  (d) cumhacht hidrileictreach  (1)

12. Is éard is mó atá i limistéar tráchtála ná:

- (a) monarchana  (b) tithe   
(c) stáisiúin chumhachta  (d) oifigí agus siopaí  (1)


13. Cén aois inar thosaigh an Réabhlóid Thionsclaíoch sa Bhreatain?

- (a) 1600í  (b) 1700í   
(c) 1800í  (d) 1900í  (1)

14. Tá ceanncheathrú na Náisiún Aontaithe suite in:

- (a) Moscó  (b) An Ghinéiv   
(c) Londain  (d) Nua Eabhrac  (1)





1. Féach ar an bpictiúr thuas.

a. Cad a thugtar ar an mullóg ag A? \_\_\_\_\_ (1)

b. Cad a thugtar ar an limistéar ag B? \_\_\_\_\_ (1)

c. Cad a thugtaí ar an bhfoirgneamh ag C? \_\_\_\_\_ (1)

2. Scríobh faoi na gnéithe cosanta den lonnaíocht.

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

(3)

## CEIST 2

24 marc

Freagair cuid (A) nó cuid (B)  
PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS NÓ AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS

(A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS

(24 marc)

I. Úinéireacht Talún in Éirinn 1600 – 1703.


Bain úsáid as na figiúir thíos agus tarraing graf a thaispeánann

### ÚINÉIREACHT TALÚN CHAITLICEACH 1600 – 1703

Tarraing an graf chomh néata agus is féidir leat, agus ná déan dearmad lipéid a chur ar do shonraí:

<i>Úinéireacht Talún</i>	1600	1641	1703
<b>Caitlicigh</b>	90%	60%	15%
<b>Protastúnaigh</b>	10%	40%	85%

Baineann mo ghraf le hÚinéireacht talún Chaitliceach 1600 go 1703.



(6)

2. Déan cur síos ar na hathruithe in úinéireacht talún a thaispeántar sna figiúir ar leathanach 6.

---

---

---

(4)

3. Luaigh cúis **AMHÁIN** leis na hathruithe sin.

---

---

(2)

4. I gcomhthéacs plandálacha in Éirinn, mínigh na téarmaí seo a leanas:

Gealltóir

---

---

Bán

---

---

Ceithearnach coille

---

---

(6)

5. Scríobh alt ar cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Na cúiseanna go ndearnadh plandálacha.

(b) Torthaí na plandála a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(c) Saol phlandóra.

(d) Saol duine éigin a chaill a c(h)uid talún i bplandáil.

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

(6)

Léigh na scéalta thíos agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

*Tá Joao Gilberto 14 bliana d'aois agus ní dheachaigh sé ar scoil riamh. Cónaíonn sé sa favela in Rocinha i Rio de Janeiro, sa Bhrasaíl. Tá cuid dá theach déanta as bríce agus an chuid eile as adhmad. Tá dhá sheomra ann: is cistin ceann díobh agus is seomra codlata/maireachtála an ceann eile. Sa seomra sin tá leaba mhór dhúbailte amháin, agus dhá bhuncleaba dhúbailte, chomh maith le vardrús, cófra, raidio, fean leictreach agus gléas teilifíse.*

*Bíonn ochtar ina gcodladh sa seomra: athair Joao atá dífhostaithe, a mháthair a thuilleann \$35 sa mhí mar bhean níocháin do theaghlach saibhir; deartháir Joao atá níos sine agus beirt deirfiúracha atá níos óige; a uncail agus col ceathrar. Codlaíonn triúr sa leaba mhór agus an cúigear eile sna buncleapacha.*

*Tá bruscar mórtimpeall ar theach Joao – seanchannaí stáin, buidéal, giobail agus dramhail eile. Tá an-chuid bruscair sna favelas, agus toisc nach mbailítear na boscaí bruscair, tá cairn bhruscair ar fud na háite. Ní cheapann Joao go mbeidh dóthain airgid riamh aige chun cónaí in áit eile.*

1. Cén aois atá Joao Gilberto? \_\_\_\_\_ (1)
2. Cén t-ainm atá ar an favela ina gcónaíonn sé? \_\_\_\_\_ (1)
3. Cé mhéad airgid a thuilleann a mháthair sa mhí? \_\_\_\_\_ (1)
4. Cé mhéad duine atá ina gcónaí i dteach Joao? \_\_\_\_\_ (1)
5. Cén fáth go mbíonn na favelas lán de bhruscar? \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (2)
6. Oibríonn máthair Joao do theaghlach saibhir. An dóigh leat go gcónaíonn an teaghlach seo sa favela? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (3)
7. An féidir leat cuimhneamh ar bhealach a bhféadfadh Joao feabhas a chur ar dheiseanna chun jab a fháil agus slí mhaireachtála níos fearr a bhaint amach?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (3)



*Tá cara ag Joao darb ainm Maria. Tá sí 15 agus cónaíonn sí in Rocinha freisin. Tá a hathair ag obair mar dhoirseoir in ospidéal agus tuilleann sé \$80 sa mhí, agus oibríonn a máthair mar fhreastalaí bialainne agus tuilleann sí thart ar \$50 sa mhí. Téann Maria ar scoil gach lá sula gcuidíonn sí lena seanmháthair ag ní éadaí sa tráthnóna.*

*Bhog seanmháthair Maria go dtí Rio de Janeiro as áit darb ainm Pernambuco sa taobh thoir-thuaidh den Bhrasail. Thug sí a clann go Rio chun slí bheatha níos fearr a lorg. Fiú má chónaíonn siad in favela, is fearr é ná an saol in Pernambuco.*

*Tá an-spéis ag teaghlach Maria ina bpobal. I gcomhar le roinnt comharsana, d'eagraigh siad glantachán ar na sráideanna gar dá dteach, agus anois tá siad ag iarraidh go dtógfaí ionad leighis.*

*Ba mhaith le Maria a bheith ina cónaí lá éigin in árasán gar do Thrá Copacabana, an áit ina mbíonn a máthair ag obair.*

8. Cén aois atá Maria? \_\_\_\_\_ (1)

9. Cá raibh seanmháthair Maria ina cónaí roimh an favela?  
\_\_\_\_\_ (1)

10. Cén fáth ar bhog seanmháthair Maria go dtí Rio de Janeiro?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (2)

11. Cad tá déanta ag teaghlach Maria chun feabhas a chur ar an áit ina gcónaíonn siad?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (2)

12. Cad is favela ann?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (2)

13. Luaigh **DHÁ** bhealach ina bhfuil an chuma air go bhfuil Maria níos fearr as ná Joao.  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (4)

**CEIST 3**  
**24 marc**

**Freagair cuid (A), ansin freagair cuid (B) nó cuid (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH**

**(12 marc)**

**I.** Tharla athruithe móra le linn na Réabhlóide Tionsclaíche.

Roghnaigh 4 de na 5 cheannteideal thíos, agus scríobh faoi na hathruithe sin. Liostaigh athrú amháin ar a laghad faoi gach ceannteideal.

(a) Conas a rinneadh rudaí: \_\_\_\_\_

---

---

---

(b) Conas a thaistil daoine: \_\_\_\_\_

---

---

---

(c) Athruithe i gcóireáil agus i gcúram leighis: \_\_\_\_\_

---

---

---

(d) Athruithe i bhfeirmeoireacht: \_\_\_\_\_

---

---

---

(e) Dálaí oibre: \_\_\_\_\_

---

---

---

**(12)**

**(B) AN CHÉAD CHOAGADH DOMHANDA**

**(12 marc)**

1. Luaigh cé acu an **FÍOR** nó **BRÉAGACH GACH CEANN** de na ráitis seo a leanas:

- Bhí Éireannaigh ag troid sa Chéad Chogadh Domhanda. \_\_\_\_\_ (1)
- Thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda in 1916 \_\_\_\_\_ (1)
- Baineadh úsáid as tancanna sa Chéad Chogadh Domhanda \_\_\_\_\_ (1)
- Chuaigh na Stáit Aontaithe isteach sa Chéad Chogadh Domhanda in 1914 \_\_\_\_\_ (1)
- Rinneadh an chuid is mó den troid i Meiriceá sa Chéad Chogadh Domhanda \_\_\_\_\_ (1)
- Bhí an Ghearmáin ag troid in aghaidh na Rúise sa Chéad Chogadh Domhanda \_\_\_\_\_ (1)

2. Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

- (a) An Saol sna Trinsí;
- (b) Uirlisí cogaidh nua a úsáideadh sa Chéad Chogadh Domhanda;
- (c) Na cúiseanna a bhain leis an gCéad Chogadh Domhanda;
- (d) Cath na Somme.

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

**(6)**

(C) **AN DARÁ COGADH DOMHANDA**

**(12 marc)**

1. Luaigh cé acu an **FÍOR** nó **BRÉAGACH GACH CEANN** de na ráitis seo a leanas:

Bhí Éireannaigh ag troid sa Dara Cogadh Domhanda \_\_\_\_\_ (1)

Tháinig deireadh leis an Dara Cogadh Domhanda in 1950 \_\_\_\_\_ (1)

Baineadh úsáid as buama adamhach sa Dara Cogadh Domhanda \_\_\_\_\_ (1)

Chuaigh na Stáit Aontaithe isteach sa Dara Cogadh Domhanda in 1939 \_\_\_\_\_ (1)

Rinneadh an chuid is mó den troid i Meiriceá sa Dara Cogadh Domhanda \_\_\_\_\_ (1)

Bhí an Rúis ag troid in aghaidh na Gearmáine sa Dara Cogadh Domhanda \_\_\_\_\_ (1)

2. Scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Campaí Géibhinn;

(b) Aslonnú;

(c) An ‘Blitz’ i Londain;

(d) Buamáil Hiroshima agus Nagasaki.

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

(6)

**CEIST 4**  
24 marc

**FREAGAIR na TRÍ CHUID (A), (B) agus (C).**

**(A) AN DOMHAN FORBARTHA**

**(8 marc)**

Taispeánann an daonáireamh is déanaí in Éirinn méadú mór ar an daonra i roinnt bailte móra in Éirinn:

**An Uaimh 51%**

**Droichead Nua 25%**

**Cill Droichid 30%**

**An Nás 30%**

**Sord 21%**

**Droichead Átha 22%**

1. Cén baile mór inar tháinig an méadú faoin gcéad is mó ar an daonra?

(2)

2. Tá an daonra atá ag dul i méid i mBaile Átha Cliath agus sna bailte thart timpeall ar Bhaile Átha Cliath ina chúis le roinnt fadhbanna móra, ar nós:

**Plódú tráchta Scuiní ospidéil Praghsanna tithe ag ardú**

Scríobh ar cheann **AMHÁIN** de na fadhbanna sin, agus mol roinnt bealaí inar féidir feabhas a chur ar an scéal.

Is é an fhadhb ná

Chun feabhas a chur ar an bhfadhb sin, is dóigh liom gur cheart dúinn

(6)

**(B) AN DOMHAN I mBÉAL FORBARTHA – IMIRCE GO CATHRACHA**

**(8 marc)**

*Tosca brú agus tosca tarraingthe*

**Níos mó jabanna sa chathair    Drochthalamh feirmeoireachta    Seirbhísí leighis rófhada ó bhaile**

**Níos lú áiseanna i limistéir tuaithe    Bail den teaghlach ina gcónaí sa chathair**

**Tithíocht níos fearr le fáil sa chathair    Easpa oibre i limistéir tuaithe    Deis ar shaol níos fearr**

1. Cad is **tosca brú** ann? \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (2)

2. Roghnaigh **DHÁ** shampla de na tosca brú ón liosta thuas.  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (2)

3. Cad is **tosca tarraingthe** ann?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (2)

4. Roghnaigh **DHÁ** shampla de na tosca tarraingthe ón liosta thuas.  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (2)

**(C) AN DOMHAN ÉAGOTHROM**

**(8 marc)**

Tá a gcuid monarchana ag cuid mhaith comhlachtaí spóirt i dtíortha bochta san Áise agus i Meiriceá Laidineach. Seo miondealú ar an bpraghas a íocaimid ar ghnáthphéire bróg traenála. Féach ar an bpictiúr agus freagair na ceisteanna.

**€15 Brabús**

**€7.50 Ábhair**

**€3.60 Fógraíocht**

**€2.40 Pá d'oirbithe**

**€31.10 Iompar**

**SLADMHARGADH!!**

**€59.60**

1. Cén praghas atá ar na bróga traenála?  
\_\_\_\_\_ (1)
2. Cé mhéad é an costas iompair?  
\_\_\_\_\_ (1)
3. Dá ndéanfadh an comhlacht spóirt pá na n-oirbithe a dhúbailt, cé mhéad breise a chuirfeadh sé sin le praghas na mbróg traenála?  
\_\_\_\_\_ (1)
4. Cén fáth a bhfuil costais iompair chomh hard sin do na bróga traenála?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (2)
5. Cén fáth an dóigh leat go mbíonn a gcuid monarchana ag comhlachtaí spóirt i dtíortha bochta?  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_ (3)

**CEIST 5**  
**24 marc**

**Déan deimhin de go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh an Léarscáil Shuirbhéireachta Ordanáis S.O. 1 : 50,000 a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an Léarscáil Baile Átha Fhirdia agus an ceantar ina thimpeall.

1. Luaigh ainm abhann **AMHÁIN** a thaispeántar ar an léarscáil.

\_\_\_\_\_ (2)

2. Ainmnigh an Príomhbhóthar Náisiúnta a thaispeántar ar an léarscáil.

\_\_\_\_\_ (2)

3. Luaigh **DHÁ** phíosa fianaise ón léarscáil go raibh daoine ina gcónaí sa cheantar seo fadó.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_ (2)

4. Cad í an phríomhúsáid talún (taobh ó dheas den bhóthar R169) i gcearnóg greille O 00 84?

\_\_\_\_\_ (2)

5. Céard atá ag tagairt greille N 996 882?

\_\_\_\_\_ (2)

6. Luaigh ainm, airde agus tagairt greille don phointe is airde ar an léarscáil seo.

\_\_\_\_\_ (4)

7. Agus fianaise ón léarscáil agat, scríobh faoi na háiseanna atá le fáil i mBaile Átha Fhirdia.

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_ (4)



Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** daite a thagann leis an bpáipéar seo agus ansin freagair na ceisteanna thíos.

Taispeánann an fótagraf cuid de Bhaile Átha Fhirdia.

8. Tá gnó soláthair adhmaid sa réamhionad láir den fhótagraf. An dóigh leat go bhfuil a shuíomh go maith maidir leis an mbaile mór? Luaigh cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

---

---

---

---

(2)

9. An dóigh leat go bhfuil an talamh mórthimpeall ar Bhaile Átha Fhirdia oiriúnach d'fheirmeoireacht? Bain úsáid as an léarscáil agus as an bhfótagraf le chéile agus luaigh cúis **AMHÁIN** le do fhreagra.

---

---

---

---

(2)

10. Tá bóthar a théann ó chlé go deas trasna ar an bhfótagraf. Bain úsáid as an léarscáil agus sainaithean an bóthar sin, agus cuir ainm air.

---

(2)

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**

# **Leathanach Bán**